



AN CHOMHAIRLE EORPACH

An Bhruiséil, 21 Márta 2014

**EUCO 7/1/14
REV 1**

**CO EUR 2
CONCL 1**

NÓTA CLÚDACH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH
20/21 Márta 2014**

CONCLÚIDÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal na conclúidí ón gComhairle Eorpach (an 20/21 Márta 2014).

Rinne an Chomhairle Eorpach mionphlé maidir leis an gcás san Úcráin. Ghlac sí teachtaireacht láidir tacaíochta don Úcráin agus chomhaontaigh sí roinnt beart coinchréiteach eile i dtaca leis sin. Shínigh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát forálacha polaitiúla an Chomhaontaithe Chomhlachais leis an Úcráin. Cháin an Chomhairle Eorpach go láidir nasc-ghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol le Cónaidhm na Rúise agus ní thabharfaidh sí aitheantas di. Ceal céimeanna ar bith i dtreo cúngú, chinn an Chomhairle Eorpach an toirmeasc ar víosaí agus an calcadh sóchmhainní a shíneadh agus chuir sí an chéad chruinniú mullaigh idir AE-an Rúis ar ceal. Cé go bhfuil sí toilteanach dul i mbun idirphlé, níor chuir an Chomhairle Eorpach as an áireamh go bhféadfaí tuilleadh iarmhairtí fadréimseacha a bheith i ndán don chaidreamh leis an Rúis i gcás ina nglacfaidh Cónaidhm na Rúise tuilleadh céimeanna chun an cás san Úcráin a dhíchobhsú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit spriocbhearta féideartha a ullmhú. Chinn sí freisin go dtabharfar ar aghaidh síniú na gComhaontuithe Comhlachais leis an tSeoirsia agus leis an Moldóiv.

Tá an Eoraip ag téarnamh ón ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch. Tá geilleagar na hEorpa ag teacht ar ais chuige féin, tar éis roinnt mhaith blianta ina raibh fás teoranta nó fás diúltach ann fiú. Táthar ag ceapadh go dtiocfaidh feabhas ar an téarnamh i mbliana. Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid agus an dearcadh eacnamaíoch agus sóisialta . Phléigh sí an fhreagairt is iomchuí maidir le beartas go háirithe sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Thug sí an chéad chéim den Seimeastar Eorpach chun críche agus phléigh sí den chéad uair cur chun feidhme na Straitéise Eoraip 2020 agus í ag breathnú ar aghaidh ag an am céanna ar an athchóiriú meántéarmach a dhéanfar ag an gComhairle Eorpach san Earrach in 2015. Dhírigh sí freisin ar iomaíochas tionsclaíoch níos láidre a chothú san Eoraip a bheidh mar thiomántóir don bhfás eacnamaíoch agus do chruthú post. Bhí an chéad díospóireacht bheartais aici mar gheall ar an gcreat don aeráid agus d' fhuinneamh ó 2020 go 2030 agus tháinig sí ar chomhaontú faoin mbealach ar aghaidh. Leag sí béim ar an nasc tábhachtach idir an Straitéis Eoraip 2020, an t-iomaíochas tionsclaíoch agus beartais maidir leis an aeráid agus le fuinneamh. Ba dhiol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir le Rialachán SAR, lena réiteofar an bealach chun an tAontas Bancéireachta a thabhairt chun críche. Céim ríthábhachtach eile é sin i dtreo Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bheidh níos láidre agus níos athléimní. Réitíodh an bealach leis ar deireadh thiar do ghlacadh na Treorach maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas.

I. FÁS, IOMAÍOCHAS AGUS POIST

A. AN SEIMEASTAR EORPACH

1. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2013 na cúig thosaíocht leathana beartais don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát a leagtar amach i Suirbhé Bliantúil Fáis 2014 (AGS), mar atá, an comhdhlúthú fioscach difreáilte lena gcothófar an fás a shaothrú, gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm sa gheilleagar arís, an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn, dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime, agus nuachóiriú á dhéanamh ar an riarachán poiblí ag an am céanna. Chun plé na Comhairle a threorú maidir le Seimeastar Eorpach 2014, leag an Chomhairle Eorpach béim ar leith ar bheartais lena bhfeabhsófar an t-iomaíochas, lena dtabharfar tacaíocht do phoist a chruthú agus don dífhostaíocht a chomhrac, go háirithe an dífhostaíocht i measc na n-óg, agus an obair leantach sin a dhéanfar tar éis na n-athchóirithe lena bhfeabhsófar feidhmiú na margadí saothair. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis na Cláir Náisiúnta um Athchóiriú agus leis na Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú ar na saincheistanna a aithníodh sna Moltaí atá Sonrach do Gach Tír Faoi Leith ón mbliain seo caite agus san anailís a rinneadh le déanaí sa Choimisiún i gcomhthéacs an fhaireachais chomhtháite ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíochas agus fioscacha, lena n-áirítear athbhreithnithe doimhne an Choimisiúin agus an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, agus an plé a rinneadh sa Chomhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh á chur go hiomlán san áireamh.
2. Rinne an Chomhairle Eorpach measúnú ar chur chun feidhme na Straitéise Eoraip 2020, bunaithe ar an teachtaireacht ón gCoimisiún. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbainfear sprioc na Straitéise amach, i. fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Níl an méid céanna dul chun cinn á dhéanamh i bhfianaise na géarchéime chun príomhspriocanna na Straitéise a bhaint amach agus tá na dúshláin fhadtéarmacha atá ag cur isteach ar an bhfás san Eoraip fós ann. Tá an Chomhairle Eorpach ag iarraidh go ndéanfar níos mó chun spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach agus tá sí ag tnúth leis an athbhreithniú atá le déanamh ar Straitéis Eoraip 2020 in 2015.

o
o o
o o o

3. Tréaslaíonn an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle leis na caibidleoirí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoin gComhaontú ar thángthas air i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Sásra Aonair Réitigh. Mar a cuireadh i bhfios go láidir agus tuairimí á roinnt inniu ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, is éacht mór é sin lena bhféadfar tús a chur le hiarrachtaí chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Tá sé tábhachtach anois an Rialachán a ghlacadh go foirmiúil roimh dheireadh na reachtaíochta reatha. In éineacht leis an gComhaontú idir-rialtasach maidir le Ranníocaíochtaí leis an gCiste Aonair Réitigh a Aistriú agus a Fhrithpháirtiú, is céim ríthábhachtach eile é seo chun Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta níos láidre agus níos athléimní a bhaint amach.

4. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an staid mar atá sa chaibidlíocht ar chánachas coigiltis le tríú tíortha Eorpacha (An Eilvéis, Lichtinstéin, Monacó, Andóra agus San Mairíne) agus iarrann sí ar na tíortha sin tiomnú go hiomlán chun an caighdeán domhanda aonair nua maidir le malartú uathoibríoch faisnéise, arna fhorbairt ag ECFE agus arna fhorhuiniú ag G20, a chur chun feidhme agus páirt a ghlacadh sa tionscnamh maidir le glacadh luath.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an chaibidlíocht a thabhairt ar aghaidh go gasta leis na tíortha sin d'fhonn iad a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana, agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar an staid mar atá ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag. Muna ndéantar dul chun cinn leordhóthanach, ba cheart go bhféachfaí sa tuarascáil ón gCoimisiún ar na roghanna féideartha atá ann chun comhlántacht leis an gcaighdeán domhanda nua a áirithiú.

Ina fhianaise sin, glacfaidh an Chomhairle an Treoir maidir le cánachas ioncaim ó choigilteas ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici i mí an Mhárta 2014.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle a áirithiú go bhfuil dlí AE ar comhréim go huile is go hiomlán leis an gcaighdeán domhanda nua.

B. IOMAÍOCHAS TIONSCLAÍOCH AGUS BEARTAS TIONSCLAÍOCH

5. Tá gá le bonn tionsclaíoch atá láidir agus iomaíoch san Eoraip, ó thaobh táirgeachta agus infheistíochta, a bheidh mar bhuntiomántóir don bhfás eacnamaíoch agus do chruthú post. Tá timpeallacht intuartha, cobhsaí agus simplí ag teastáil chun an t-iomaíochas a bhaint amach, lena n-áirítear rialáil níos fearr agus go háirithe clár REFIT uailmhianach. Ní mór an creat iomlán ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta a oiriúnú níos mó don infheistíocht agus don nuálaíocht agus do phoist i réimse na monaraíochta a chur ar bun sa bhaile an athuir. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún "I gcomhair Athbheochan Tionsclaíoch" tá ionchur tábhachtach maidir leis an méid seo leanas .i. iarrtar ar an gCoimisiún treochlár a thíolacadh leis an obair a thabhairt ar aghaidh ar an mbonn sin.
6. Ba cheart ábhair inní a bhaineann le hiomaíochas tionsclaíoch a phríomhshruthú go córasach i gcás réimsí beartais AE ar fad agus bheith mar chuid de mheasúnuithe tionchair d'fhonn bonn tionsclaíoch níos láidre a bhaint amach dár ngeilleagar. Ba cheart go ndéanfaí, i gcomhpháirt leis sin, díonadh ó thaobh an iomaíochais. Iarrtar ar na Ballstáit bearta Eorpacha a chomhoiriúnú chun iomaíochas an tionscail a neartú ar an leibhéal náisiúnta.
7. Caithfear leanúint de na hiarrachtaí chun acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh in earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear sa gheilleagar digiteach, a thabhairt chun críche agus a shaothrú go hiomlán agus chun an fhiontraíocht a chothú. Tríd an bpacáiste um an "Ilchríoch Idirnasctha" a ghlacadh go tráthúil, beidh sé ina chuidiú chun an cuspóir seo a bhaint amach. Ní mór na gréasáin bhonneagair, lena n-áirítear na gréasáin dhigiteacha a fhorbairt agus a nuashonrú le teicneolaíochtaí cliste agus nuála. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chruthú agus fás FBManna a spreagadh, lena n-áirítear an rochtain ar airgeadas a éascú ar fud an Aontais Eorpaigh.

8. Leis an mbuiséad atá aige, cuireann an tAontas Eorpach leis an iomaíochas tionsclaíoch. Ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais amhail Fís 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus COSME mar aon le hionstraimí atá bunaithe ar an margadh agus ionstraimí nuála airgeadais eile chun tacú leis an iomaíochas agus le rochtain a bheith ag FBManna ar mhaoiniú.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart speisialú cliste a chur chun cinn ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí leas éifeachtúil a bhaint as an infheistíocht phoiblí sa taighde. Éascófar leis sin teagmhálacha idir gnólachtaí agus cnuasaigh agus feabhsófar leis sin freisin an rochtain ar theicneolaíochtaí nuálacha.

9. Ní féidir talamh slán a dhéanamh d'iomaíochas na tionsclaíochta Eorpaí maidir le margaí idirnáisiúnta. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh i gcónaí rochtain ar an margadh a fheabhsú timpeall an domhain trí lánpháirtiú na gcuideachtaí Eorpacha i slabhraí luacha domhanda a éascú agus trí shaorthrádail chothrom oscailte a chur chun cinn agus a leas á ndearbhú, de mheon na cómhálartachta agus na comhleasa. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an mBanc Eorpach Infheistíochta cur le hidirnáisiúnú agus le hiomaíochas na gcuideachtaí Eorpacha a fheabhsú. Is gnéithe tábhachtacha iad clár oibre uailmhianach maidir le trádáil agus le hinfeistíochta a chur ar aghaidh agus caighdeán agus rialacháin Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an ghéochumtha, a chur chun cinn chun cur le feabhas a chur ar iomaíochas tionsclaíoch an Aontais ar fud an domhain. Ba cheart go gcuideodh sin le margaí a oscailt, leas an Aontais a chosaint agus cothrom na Féinne i dtríú margaí a chur chun cinn go gníomhach. Ní mór gníomhaíocht bhreise a shaothrú freisin i ndáil le rochtain a áirithiú ar amhábhair lárnaacha.

Is díol sásaimh don Chomhairle na pleananna atá ag an gCoimisiún na rialacha maidir le Státchabhair a nuachóiriú agus a thiocfaidh i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2014. Is díol sásaimh di go háirithe intinn an Choimisiúin cur chun feidhme beartas agus clár de chuid AE atá níos leithne, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta AE a éascú trí raon feidhme Rialachán na Blocdhíolúine Ginearálta a leathnú, agus cothroime iomaíochta á cinntiú i measc na mBallstát ag an am céanna.

10. Chun fás tionsclaíoch an Aontais a chothú, bíonn na scileanna cearta ag teastáil. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (scileanna STEM) mar ábhar tosaíochta, agus páirt níos mó ag earnáil na tionsclaíochta ann. Ba cheart na hiarrachtaí breise a dhéanfar sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha a dhíriú ar an tsoghluaisteacht, ar an oideachas agus ar an ngairmoiliúint a chur chun cinn. Ba cheart na hionstraimí uile atá ar fáil a úsáid chuige sin, amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), glúin nua Erasmus +, an Chomhghuaillíocht Mhór um Poist Dhigiteacha, an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí nó an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra agus an Ráthaíocht don Aos Óg. Ba cheart go mbeadh baint níos mó ag earnáil na tionsclaíochta maidir le riachtanais scileanna amach anseo a thuar.
11. Tá maoin intleachtúil agus paitinníú mar phríomhspreagadh don fhás agus don nuálaíocht. In ainneoin an ról thábhachtaigh atá aige i roinnt tionscal teicneolaíochta, tá an tAontas Eorpach chun cúil maidir le paitinníú. Tá an Chomhairle Eorpach ag iarraidh go mbeidh níos mó tacaíochta ann sna hearnálacha ardfháis seo, d'fhonn go mbeidh an tAontas Eorpach fós ina cheannródaí ó thaobh na teicneolaíochta de. Ba cheart do na Páirtithe lena mbaineann an comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní a dhaingniú, i gcomhréir lena gcuid forálacha bunreachtúla féin, agus na socruithe riachtanacha dlí agus riaracháin a dhéanamh chun gur féidir le córas an Aontais maidir le paitinní teacht i bhfeidhm faoi dheireadh 2014.
12. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin ríthábhachtach ó thaobh iomaíochais thionsclaíoch de. Ba cheart príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhfuil leas ardtionsclaíoch ag gabháil leo, amhail ceallraí le haghaidh leictrea-soghluaisteachta, ábhar intleachtúil, bithphróiseas ardfheidhmíochta táirgeachta agus tionsclaíoch a neartú go mear trí thionscdaíl lena mbaineann leas Eorpach a shainaitint. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar an ról a ghabhann leis an teicneolaíocht ghlan mar ghné thrasearnálach chun cur lena iomaíche atá an tionsclaíocht Eorpach. Iarrtar ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt faoin gcaoi ina bhféadfar an teicneolaíocht ghlan a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí nithiúla i ngach beartas ábhartha de chuid AE.
13. Ar bhonn na dtreoshuíomhanna a leagtar amach thuas, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint leis an obair. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig na saincheisteanna sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Straitéis Eoraip 2020 a dhéanfar i mí an Mhárta 2015.

14. Chun go mbeidh bonn tionsclaíoch Eorpach ann a bheidh láidir, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, caithfear beartas comhleanúnach Eorpach aeráide agus fuinnimh a chur san áireamh, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le costais arda fuinnimh, go háirithe do thionscail ard-ídithe fuinnimh.

C. AN AERÁID AGUS FUINNEAMH

15. Ní mór praghsanna fuinnimh inacmhainne, iomaíochas tionsclaíoch, slándáil an tsoláthair a áirithiú le beartas Eorpach fuinnimh agus aeráide a bheidh comhleanúnach, agus a áirithiú freisin go mbainfear ár gcuspóirí aeráide agus comhshaoil amach. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le spriocanna an Aontais a bhaint amach i ndáil le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, a chaithfear a chomhlíonadh ina n-iomláine faoi 2020.
16. Agus aird á tabhairt ar an amlíne a comhaontaíodh i Vársá maidir le comhaontú domhanda aeráide a thabhairt chun críche ag an 21ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i bPáras in 2015, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtíolacfaidh an tAontas Eorpach a thuairimí ar a dhéanaí faoin gcéad ráithe de 2015, agus ba cheart do na geilleagair mhóra uile déanamh amhlaidh. I bhfianaise Chruinniú Mullaigh Aeráide na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2014, beidh sprioc sonracha an Aontais Eorpaigh do 2030 maidir le laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir go hiomlán leis an gcuspóir uailmhianach do 2050 a chomhaontaigh an tAontas. Leis an gcreat comhaontaithe beartais AE sin maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, athnuachain agus éifeachtúlacht fuinnimh, le mionsaothrú ar bhonn na teachtaireachta ón gCoimisiún, cuirfear an chobhsaíocht agus an intuarthacht riachtanach ar fáil dá oibreoirí eacnamaíocha agus dearbhófar ról an Aontais ar bhonn domhanda.

17. Ba cheart an creat nua a bhunú ar na prionsabail a leanas:

- comhleanúnachas idir laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid inathnuaiteán agus na cuspóirí do 2030 a sheachadadh ar bhealach costéifeachtach, agus ról lárnach ag Córas athchóirithe Trádála Astaíochta i ndáil leis an méid sin;
- creat tacaíochta de chuid an Aontais a fhorbairt chun fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus chun an t-iomaíochas idirnáisiúnta a áirithiú.
- slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú do líonta tí agus do ghnólachtaí ar phraghsanna inacmhainne agus iomaíocha;
- solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an mbealach ina gcomhlíonfaidh siad a gcuid ceanglas, i gcaoi go gcuirfear na cúinsí náisiúnta san áireamh chomh maith lena saoirse a urramú chun a meascán fuinnimh féin a chinneadh.

18. D'fhonn teacht ar chomhaontú go luath maidir le creat nua beartais don fhuinneamh agus don aeráid ó 2020 go 2030, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint leis an obair agus na gnéithe a leanas a fhorbairt go mear:

- anailís a dhéanamh ar na himpleachtaí atá ann do Bhallstáit aonair i ngeall ar na tograí ón gCoimisiún le haghaidh spriocanna don Aontas ar fad maidir le hastaíochtaí a laghdú agus maidir le fuinneamh inathnuaite;
- sásraí a ullmhú a mbeidh roinnt chothrom fhoriomlán na hiarrachta mar thoradh orthu agus lena gcothófar nuachóiriú na hearnála fuinnimh;
- bearta a fhorbairt chun aon sceitheadh carbóin a sheachaint agus a éileamh go mbeadh slándáil pleanála fhadtéarmach ann don infheistíocht thionsclaíoch chun cumas iomaíochta thionscail ard-ídithe fuinnimh na hEorpa a áirithiú;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar bhealach tráthúil agus creat a fhorbairt don éifeachtúlacht fuinnimh.

Cuirfidh an Chomhairle Eorpach na saincheisteanna sin san áireamh ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh, trí comhairliúcháin leis na Ballstáit, d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcreat nua beartais a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná mí Dheireadh Fómhair 2014. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar a Uachtarán agus ar an gCoimisiún Eorpach na céimeanna riachtanacha a thabhairt chun an cinneadh sin a ullmhú.

19. Is tosaíocht i gcónaí é an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú roimh 2014 agus idirnáise a fhorbairt ionas go gcuirfead deireadh le haon aonrú a dhéantar ar Bhallstáit ó líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa faoi 2015. Iarann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- na bearta uile a chur chun feidhme go mear chun an sprioc a bhaint amach go mbeadh idirnascadh déanta maidir le 10% ar a laghad dá n-inniúlacht táirgeachta leictreachais suiteáilte i gcás gach Ballstáit. Iarann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún cuspoirí sonracha idirnáise a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh a bheidh le baint amach go dtí 2030 d'fhonn go ndéanfar cinneadh faoi mhí Dheireadh Fómhair ar a dhéanaí. Ba cheart féachaint go speisialta le feabhas a chur ar na hidirnáise leis na codanna is iargúlta agus/nó na codanna den mhargadh aonair nach bhfuil nasctha chomh maith, lena n-áirítear trí shreabha cúltreo a fheabhsú agus a chruthú, agus trí na Ballstáit a chomhtháthú i líonraí mhór-roinn na hEorpa;
- go gcuirfeadh gach gníomhaí i margadh fuinnimh na hEorpa an Tríú Pacáiste Fuinnimh chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus comhsheasmhach;
- go gcuirfí rialacha an Aontais maidir le lánpháirtíú an mhargaidh agus éifeachtúlacht fuinnimh chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus go bhforfheidhmeofaí iad, agus go n-oibreofaí ar mhaithe le cothrom na Féinne a bhaint amach do chuideachtaí atá ag oibriú san Aontas Eorpach.

20. Ba cheart cur leis na hiarrachtaí chun ardspleáchas fuinnimh gáis na hEorpa a laghdú, go mórmhór i gcás na mBallstát ar mó a spleáchas. Ba cheart gurb é an chéad chéim an t-éileamh ar fhuinneamh a mhaolú trí éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus chuirfí le cuspóirí eile fuinnimh agus aeráide leis sin freisin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún mionstaidéar a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas agus plean cuimsitheach a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh 2014 maidir le spleáchas fuinnimh AE a laghdú. Ba cheart a léiriú sa phlean go gcaithfidh an tAontas dlús a chur le héagsúlú a sholáthair fuinnimh, cur lena chumhacht idirbheartaíochta agus lena éifeachtúlacht fuinnimh, leanúint de bheith ag forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh agus foinsí dúchasacha eile agus comhordú a dhéanamh ar fhorbairt an bhonneagair lena dtacófaí leis an éagsúlú sin ar bhealach inbhuanaithe. Ba cheart a áireamh in idirnaisc den sórt sin freisin Leithinis na hIbéire agus an Mheánmhuir. Ba cheart, i gcás inarb ábhartha, idirnaisc a fhorbairt freisin le tríú tíortha. Seasfaidh na Ballstáit le chéile má bhíonn briseadh tobann sa soláthar fuinnimh i mBallstát amháin nó i mBallstáit éagsúla. Ina theannta sin, ba cheart breis gníomhaíochta a dhéanamh chun tacú le Conair an Deiscirt a fhorbairt, lena n-áirítear tuilleadh sporbhealaí trí Oirthear na hEorpa, chun féachaint ar bhealaí le honnmhairí gáis a éascú ó Mheiriceá Thuaidh chuig AE agus chun an chaoi ab fhearr a mheas ina bhféadfaí é sin a léiriú sa Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach, agus trédhearcacht na gComhaontuithe Idir-rialtasacha a mhéadú i réimse an fhuinnimh.
21. Chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach, ba cheart dlús a chur freisin le cur chun feidhme tionscadal ábhartha comhleasa agus úsáid a bhaint láithreach as acmhainní an Aontais atá ar fáil anois, lena n-áirítear SCE agus cumas infheistíochta BEI.

22. I bhfianaise na bpríomhspreagthaithe costais eile a sainaitníodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarracht, ar bhonn leanúnach, na costais fuinnimh a íocann na húsáideoirí deiridh fuinnimh a ísliú, go háirithe tríd an méid a leanas:

- forbairt a dhéanamh ar na sásraí tacaíochta do na foinsí in-athnuaithe le go bhféadfaí bogadh i dtreo córais atá níos costéifeachtaí agus níos margadhbhunaithe, agus cóineasú breise ar scéimanna náisiúnta tacaíochta i ndiaidh na bliana 2020;
- infheistíocht inbhuanaithe a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus i mbainistiú ar éileamh feadh an tslabhra luacha agus ag an gcéim T&F;
- úsáid níos iomláine a bhaint as an acmhainn ginte leictreachais atá ar fáil ar an margadh inmheánach seachas a bheith ag brath ar acmhainní náisiúnta amháin, agus ról na mBallstát a aithint i ndáil le slándáil an tsoláthair a áirithiú;
- cur chun cinn na n-acmhainní baile agus an iomaíochais maidir le margaí soláthair gáis agus aghaidh a thabhairt ar cheist an naisc chonarthaigh idir praghsanna gáis agus ola.

Ba cheart an méid sin go léir a bheith i gcomhlíonadh rialacha maidir le Státchabhair agus rialacha an mhargaidh inmheánaigh.

Ar bhonn na mbeart thuas, déanfaidh na Ballstáit na gníomhartha iomchuí chun na costais a laghdú ar an mbealach is oiriúnaí dá gcúinsí sonracha. Ní mór comhordú idir na Ballstáit agus idir bheartais earnála a áirithiú chun go bhféadfar cuspóirí a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

23. Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit breis scrúdaithe a dhéanamh ar a gcleachtais náisiúnta éagsúla maidir le tobhaigh an bheartais fuinnimh agus comhchodanna cánach na bpraghsanna agus na gcostas líonra, agus é d'aidhm acu na hiarmhairtí diúltacha do phraghsanna fuinnimh a íoslaghdú. Agus iad ag cur leis an taithí a fuarthas le déanaí, leanfaidh na Ballstáit d'fhaisnéis a mhalartú ar bhonn rialta maidir le cinntí náisiúnta fuinnimh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Bhallstáit eile, agus roghanna náisiúnta an mheascáin fhuinnimh á n-urramú ina n-iomláine.

o
o o
o o o

AN CHIPIR

24. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur atosáíodh ar chaibidlíocht iomlán socrúcháin ar bhonn an Dearbhaithe Chomhpháirtigh den 11 Feabhra agus é mar aidhm an Chipir a athaontú. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le socrú cuimsitheach, inmharthana ar fhadhb na Cipire taobh istigh de chreat NA, i gcomhréir le rúin ábhartha de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ag teacht leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir go bhfuil an Chipir roinnte ar feadh tréimhse ró-fhada agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an móiminteam a choinneáil. Tá an Chomhairle Eorpach réidh chun páirt a ghlacadh maidir le tacú leis an gcaibidlíocht. Bhainfeadh muintir uile na Cipire tairbhe as athaontú na Cipire agus, sa mhéid sin, tacaíonn an Chomhairle Eorpach le haon bhearta cothaithe muiníne ar bith a dtiocfaidh an dá pháirtí ar chomhaontú orthu, ar bearta iad lena bhféadfaí rannchuidiú go cinntitheach chun timpeallacht na muiníne frithpháirtí a chruthú agus chun dlús a chur le próiseas na caibidlíochta.

II. CAIDREAMH SEACHTRACH

An Úcráin

25. Tacaíonn an tAontas Eorpach le muintir na hÚcráine agus leis an gceart atá acu bheith i gceannas ar a dtodhchaí féin. Seasann an tAontas Eorpach le rialtas na hÚcráine ina chuid iarrachtaí chun an Úcráin a chobhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar athchóirithe. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh an tAontas Eorpach níos mó i gcomhar leis an gcomhphobal idirnáisiúnta chun cabhrú leis an Úcráin.
26. Síneoidh an tAontas Eorpach, a chuid Ballstát agus an Úcráin forálacha polaitiúla an Chomhaontaithe Comhlachais atá eatarthu. Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát tiomanta don chuid eile den Chomhaontú Comhlachais agus an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála atá fágtha a shíniú, arb ionann iad, in éineacht leis na forálacha polaitiúla, agus ionstraim aonair. Comhaontaíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart go dtionólfar an chéad chruinniú san idirphlé polaitiúil dá bhforáiltear faoin gComhaontú i mí Aibreáin. Gríosáíonn an Chomhairle Eorpach an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an togra chun dleachtanna custaim ar onnmhairithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach a bhaint ar bhonn sealadach, na Bearta Uathrialacha Trádála mar a thugtar orthu, a ghlacadh go pras.

27. Is tosaíocht láithreach é cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a bhunú san Úcráin an athuair. Ní mór do rialtas na hÚcráine tús a chur go pras le clár uailmhianach d'athchóirithe struchtúracha, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an éillithe agus trédhearcacht na n-oibríochtaí buiséadacha uile a fheabhsú. Spreagann an Chomhairle Eorpach an Chomhairle chun teacht ar chomhaontú go pras maidir le cúnamh macra-airgeadais agus cuireann sí in iúl go láidir go bhfuil comhaontú le CAI ríthábhachtach chun an cúnamh sin a éascú. Comhaontaíonn Ballstáit an Aontais a seasaimh a chomhordú i CAI maidir leis na coinníollacha chun cúnamh a thabhairt don Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh lárionad chun iarrachtaí a chomhordú ar cheart a bheith mar bhonn is mar thaca ag an aistriú struchtúrach san Úcráin le rannpháirtíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta agus ó na hinstiúidí idirnáisiúnta airgeadais.
28. Molann an tAontas Eorpach an fhreagairt mheáite atá léirithe go dtí seo ag an Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach tiomantas rialtas na hÚcráine cineál ionadaíoch agus cuimsitheacht na struchtúr rialtais a áirithiú, chun go léireofar leo an éagsúlacht réigiúnach, go n-áiritheofar go dtabharfar cosaint iomlán do chearta na ndaoine sin ar cuid de mhionlaigh náisiúnta iad, go dtabharfar aghaidh ar an athchóiriú bunreachtúil, go ndéanfar gach sárú ar chearta an duine agus gach gníomh foréigin a imscrúdú, agus chun go ndéanfar an t-antoisceachas a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, is mian leis an Aontas Eorpach go n-áiritheoidh rialtas na hÚcráine gur toghchán saor agus cothrom a bheidh i dtoghchán na hUachtaránachta an 25 Bealtaine.
29. Leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas do chaomhnú cheannasacht agus sláine críche na hÚcráine. Ní thugann sí aitheantas don reifreann mídhleathach sa Chrimé, ar sárú glan é ar Bhunreacht na hÚcráine. Cáineann sí go láidir nasc-ghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol le Cónaidhm na Rúise agus ní thabharfaidh sí aitheantas di. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le nascghabháil na Crimé a mheas agus srianta eacnamaíocha, trádála agus airgeadais a mholadh maidir leis an gCrimé, lena gcur chun feidhme go pras.
30. I bhfianaise an méid sin agus ceal céimeanna i dtreo cúngaithe, aontaíonn an Chomhairle Eorpach go gcuirfear le liosta na ndaoine aonair a bheidh faoi réir toirmisc ar víosaí agus calctha sócmhainní. Chinn an Chomhairle Eorpach an chéad Chruinniú Mullaigh eile idir AE agus an Rúis a chur ar ceal agus tugann sí dá haire nach dtionólfadh na Ballstáit cruinnithe mullaigh déthaobhacha rialta go bhfógrófar a mhalairt. Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle Eorpach agus na Ballstáit leis an gcrúinniú a bheidh ag tíortha G7 sa Háig. Tacaíonn siad freisin le fionraí na caibidlíochta maidir leis an Rúis ag dul isteach i ECFE agus i IEA.

31. Tá an Chomhairle Eorpach go mór den tuairim nach bhfuil áit ar bith ag an lámh láidir ná ag an gcomhéigean san Eoraip sa 21ú hAois ó thaobh teorainneacha a athrú. Is léir gur sárú glan iad gníomhartha na Rúise ar phróiseas Heilsincí, lenar cabhraíodh le heasaontas san Eoraip a shárú agus ilchríoch shíochánta agus aontaithe a thógáil le 40 bliain anuas. Is oth leis an gComhairle Eorpach nach ndearna an Rúis aon iarracht fós chun an ghéarchéim a chúngú agus nár cuireadh tús leis an idirbheartaíocht idir an Úcráin agus Cónaidhm na Rúise. Is mian léi go mbainfí comhaontú amach gan mhoill maidir le misean de chuid ESCE a chur chun na hÚcráine a luaithe is féidir sin, chun an staid a chobhsú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí pleananna a dhréachtú gan mhoill maidir le rannchuidiú de chuid AE le hobair an mhisin de chuid ESCE a éascú. In éagmais comhaontaithe sna laethanta atá romhainn ar mhisean inchreidte de chuid ESCE, dréachtóidh AE misean de chuid AE.
32. Tá freagracht speisialta ar an Aontas Eorpach maidir le síocháin agus cobhsaíocht san Eoraip. Fanfaidh sé chun tosaigh sna hiarrachtaí a dhéanfar chun go n-éascófar idirphlé fóna ina mbeidh an Úcráin agus an Rúis bainteach agus beidh sé rannpháirteach sa phlé sin, lena n-áirítear trí shásra iltaobhach a bhunú, d'fhonn teacht ar réiteach polaitiúil.
33. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach dá ndéanfadh Cónaidhm na Rúise bearta breise ar bith a chuirfeadh isteach ar chobhsaíocht na hÚcráine, bheadh droch-iarmhairtí breise, fadréimseacha acu sin, i raon leathan de réimsí eacnamaíocha, ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin agus Cónaidhm na Rúise ar an taobh eile. Maidir leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta spriocdhírthe féideartha a ullmhú.
34. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach gurb é is aidhm dó an comhlachas polaitiúil agus an comhtháthú eacnamaíoch leis an tSeoirsia agus le Poblacht na Moldóive a threisiú tuilleadh. Dearbhaímid go bhfuil sé mar aidhm againn na Comhaontuithe Comhlachais, lena n-áirítear na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála, a gcuireamar ár n-inisileacha leo in Vilnius mí na Samhna seo caite, a shíniú tráth nach déanaí ná Meitheamh 2014.

Caidreamh AE-na hAfraice

35. Roimh an 4ú Cruinniú Mullaigh idir AE-an Afraic an 2 agus 3 Aibreán 2014, tá an tAontas Eorpach tiomanta do chomhpháirtíocht chothrom a fhorbairt leis an Afraic agus do chaidrimh a neartú i ngach réimse ábhartha mar fhreagairt ar an idirspheáchas atá ag dul i méid idir an tAontas Eorpach agus an Afraic. Léiríonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas toilteanach tuilleadh comhair a bheith aige lena gcomhpháirtithe san Afraic maidir leis an trádáil agus an fhorbairt, an daonlathas agus an dea-rialachas, an smacht reachta agus cearta an duine a chur chun cinn. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an imirce agus ar an tsoghluaisteacht, lena n-áirítear an imirce neamhrialta agus an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus imircigh a smuigleáil, de mheon na freagrachta roinnte idir tíortha idirthurais, tionscnaimh agus cinn scríbe.
36. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth go háirithe go bhfuil an tacaíocht leanúnach idirnáisiúnta a thugtar do chomhpháirtithe na hAfraice i réimse na slándála ríthábhachtach agus spreagann sí deontóirí eile chun a bheith rannpháirteach i gcomhroinnt ualaigh. Dá bhrí sin, leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil trína mhisin shibhialta bainistithe géarchéime agus trína oibríochtaí míleata, ar iarraidh ó thíortha aonair agus i ndlúthchomhar le gníomhaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile. Sa chomhthéacs sin, cuireann sé béim ar a phráinní atá sé tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil a thabhairt le haghaidh Mhisean Tacaíochta Idirnáisiúnta faoi stiúir Afracach chuig Poblacht na hAfraice Láir agus athdhearbhaíonn sé a thiomanta agus atá an tAontas a oibríocht EUFOR RCA a chur ar bun sna seachtainí atá le teacht.
37. Measfaidh an tAontas Eorpach freisin bealaí agus modhanna chun tacú le tionscnaimh na hAfraice maidir le tógáil acmhainní, lena neartófar an Struchtúr Afracach um Shíocháin agus um Shlándáil agus lena gcumasófar comhpháirtithe na hAfraice chun coinbhleachtaí a chosc agus aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar bhealach éifeachtach agus gasta. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre ar leibhéal an Aontais le feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar le haghaidh thógáil acmhainní na hAfraice ar bhealach cuimsitheach agus córasach lena gcuimsítear comhairle, meantóireacht, oiliúint agus trealamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí tograí breise a dhéanamh i ndáil leis seo, lena n-áirítear trí theach imréitigh maidir le soláthar trealamh chun tacaíocht a thabhairt don oiliúint a sholáthair AE.

Srí Lanca

38. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta i gcónaí don chuntasacht, don athmhuintearas agus do chearta uilíocha an duine i Srí Lanca. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí rún maidir le Srí Lanca ag an gComhairle um Chearta an Duine lena ndéanfar foráil d'imscrúdú idirnáisiúnta i dtaobh líomhaintí maidir le coireanna cogaidh ón dá thaobh le linn an chogaidh, faoi mar a mhol Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.
